# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Aibreán 2022

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

**A Chomhghleacaithe OR, a chairde,**
Fáilte chuig eagrán mhí Aibreáin de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Bhí an-áthas ar fhoireann OR SSM leis an méid rannpháirtíochta ag ár laethanta cnuasaigh ó mhí Eanáir. An mhí seo, díreoimid ar Oideachas Cuimsitheach mar cheann de Phrionsabail na Sraithe Sóisearaí. Tá ár n-ailt rialta againn freisin ar theicneolaíocht sa seomra ranga agus ceann a dhíríonn ar OR agus na hEalaíona.

**Imeachtaí agus ceiliúrthaí mhí Aibreáin atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh:**


| | |
|---|---|
| **2ú** | **Tús RamadanIoslam** |
| **6ú** | **Imeacht IFAL** |
| **15ú** | **Tús Cháisc na nGiúdach - Giúdchas** |
| **17ú** | **Domhnach Cásca - An Chríostaíocht** |

## IFAL




Nasc Físe:

Is féidir samplaí d'fhoghlaim scoláirí in OR MRB 2 a fheiceáil ar líne anois. Chun ceangal leis seo, reáchtálfaidh foireann OR SSM a n-imeacht Foghlama an Earraigh ar Líne (IFEL) do mhúinteoirí an 6 Aibreán 2022 ó 5-6pm.
Díreofar i mbliana ar MRB 2: Samplaí de Shaothar Scoláirí a Fhiosrú. NÍ THAIFEADFAR an cheardlann seo.
Cláraigh don ócáid ar https://t.co/w2TbcPC0Nh




## Acmhainní Lá Cnuasaigh FGL 2022

Tá cur i láthair ár gcnuaslae FGL 2022 agus an leabhrán acmhainní a ghabhann leis le fáil ar líne sa rannán ceardlanna FGL ar ár láithreán gréasáin agus ar fáil le híoslódáil. Lean an nasc le breathnú: https://www.jct.ie/leagangaeilge/religious_education/cpd_workshops_2021_2022_ga




## Prionsabail na S. S.: Oideachas Cuimsitheach

An mhí seo, díreoimid ar phríomhphrionsabal an Oideachais Chuimsithigh. Luaitear sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015), leathanach 11: "Cuimsíonn an t-eispéireas oideachasúil na scoláirí uile agus cuireann sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách".

Ina fhianaise sin, mar mhúinteoirí, déanaimid iarracht bealaí a fhiosrú go cruthaitheach gach foghlaimeoir a mhealladh ina gcuid oideachais trí bhacainní a laghdú agus bealaí a mhéadú ar féidir le scoláirí páirt a ghlacadh ina gcuid foghlama.

Sa chéad chuid eile, féachfaimid ar ábharthacht agus ar chur i bhfeidhm an phrionsabail seo sa seomra OR.



## Oideachas Cuimsitheach in OR

Ar ár lá cnuasaigh le déanaí, dhírigh muid ar tacaíocht dár bhfoghlaimeoirí go léir i seomra an OR le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF). Chomh maith leis sin, rinne muid iniúchadh ar chonair foghlama féinstiúrtha atá dírithe ar Chlár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2),
atá ar fáil anseo.



I rith an lae, d'fhéach muid freisin ar an gcaoi a bhfuil an próiseas MRB féin ina shárshampla den phrionsabal seo á chur i ngníomh agus an dá MRB ag tabhairt deis do scoláirí iniúchadh, taighde agus tuairisciú a dhéanamh ar dhuine nó ar thopaic atá tarraingteach agus a thugann dúshlán a n-ábhar spéise.
Maidir le cuimsitheacht mar sin, spreagann MRBnna scoláirí a nguth féin agus a gcúlra éagsúil a aimsiú agus a chur in iúl sa seomra OR. Agus muid ag cruthú timpeallacht foghlama solúbtha chomh cuimsitheach sin, is féidir linne, mar mhúinteoirí, tacú níos fearr le riachtanais ár scoláirí go léir agus iad a léiriú

## Teicneolaíocht sa Seomra


Cuidíonn inrochtaineacht san oideachas le deiseanna níos fearr a chruthú d'fhoghlaimeoirí. Go bunúsach, má bhíonn teacht ag foghlaimeoirí ar ábhair foghlama, ansin beidh teacht ag oideachasóirí ar chumas na bhfoghlaimeoirí. Is iomaí gaireas agus feidhmchlár ina mbíonn gnéithe ionsuite is féidir le scoláirí a úsáid chun líon mór dúshlán a mhaolú, ó dhisléicse go lagú éisteachta.



Ar ár lá cnuasaigh, dhear muid dhá eispéireas foghlama ag baint úsáid as an ardán digiteach, Thinglink, lena uirlis inrochtana ionsuite, an tumléitheoir. Cuireann an dara ceann ar chumas scoláirí ábhair íomhánna agus anótálacha físe a chloisteáil. Cuidíonn sé freisin le scoláirí a éirí líofa á gcur féin in iúl sa seomra OR ag baint úsáid as iliomad cineálacha meán, ní hamháin téacs ach íomhánna, físeáin, agus a nguth féin freisin. Is féidir teacht ar an dá eispéireas foghlama sin ar leathanach 12 de leabhrán acmhainní ár gcnuaslae ar an nasc seo.

## OR agus na Ealaíona

San úrscéal le John Steinbeck, Ar Luch agus ar Dhuine, a foilsíodh in 1937, insítear scéal tragóideach an naisc chasta idir beirt oibrithe imirceacha i lár an Spealta Mhóir, a shamhlaíonn go dtiocfaidh lá a mbeidh feirm bheag acu.




Ós rud é gurb é ceann de na téacsanna forordaithe do scoláirí an 2ú agus an 3ú bliain, seans go mbeadh cur amach maith ag múinteoirí Bhéarla na sraithe sóisearaí cheana féin ar shaothar Steinbeck.

Maidir le OR na sraithe sóisearaí déantar iniúchadh san úrscéal ar roinnt téamaí a nascann le réimse torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe. B'fhéidir nár mhiste le múinteoirí díriú go háirithe ar na carachtair agus ar a dtóir ar bhrí agus ar chuspóir na beatha ar fud an úrscéil. Thairis sin, d'fhéadfadh an aincheist chasta mhorálta atá os comhair George ag deireadh an úrscéil roinnt comhráite bríomhara agus suimiúla a spreagadh i measc scoláirí, ag soláthar naisc fhéideartha chuig TFanna Shnáithe 3 Ár Luachanna a Mhaireachtáil a leithéidí 3.1, 3.2, 3.5, 3.6, 3.9.

## Athfhriotal na Míosa

*Ba chóir go dtuigfimis go léir go ndéanann éagsúlacht taipéis shaibhir, agus tá snáitheanna uile na taipéise comhionann ó thaobh luach de is cuma cén dath atá orthu-*
*—Maya Angelou*

## Liosta Seoltaí

Má tá aithne agat ar aon chomhghleacaithe nach bhfuair an nuachtlitir seo, roinn í seo leo agus spreag iad clárú lenár liosta seoltaí anseo

*Buíochas ó chroí as ucht bhur gcomhoibrithe,*
*Foireann Oideachas Reiligiúnach*